Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8861/23**

**SOC 279**
**EMPL 191**
**SAN 220**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair d'Éirinn |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta**
**den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair**
**d'Éirinn**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na mBallstát faoi bhráid na Comhairle,

---

1 IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 24 Feabhra 2022[1], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá ainmniúcháin bhreise tíolactha ag Rialtas na hÉireann i dtaca le post atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 92, 25.2.2022, lch. 1).

*Airteagal 1*

Ceaptar, leis seo, an duine seo a leanas ina chomhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025:

I. IONADAITHE RIALTAIS

| Ballstát | Comhalta |
|---|---|
| Éire | Adrienne DUFF |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa/san …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*